Ullmhúchán

RANG	Trí go dtí a sé
CUSPÓIRÍ	**Snáithe agus Snáithaonaid** **Fuinneamh agus Fórsaí : Leictreachas agus maighnéadas** Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste leictreachas srutha a imscrúdú trí chiorcaid shimplí a chruthú OSIE: An Curaclam Eolaíochta leathanaigh 64 agus 86. Sa ghníomhaíocht seo cuirfidh na páistí i bhfeidhm an t-eolas agus na scileanna atá acu ó bheith ag plé le ciorcaid leictreacha chun macasamhail de theach solais a dhearadh agus a dhéanamh. **Forbairt scileanna** Ag tástáil; ag dearadh agus ag déanamh
NASCADH	**OSIE: Stair** Staidéir áitiúla/gnéithe den timpeallacht áitiúil a iniúchadh /an fáth ar tógadh iad Leanúnachas agus athrú le himeacht ama/ dul chun cinn sóisialta, ealaíne, teicneolaíoch agus eolaíoch, thar thréimhsí fada **OSIE: Tíreolaíocht** Staidéir áitiúla/ Imshaoil dhaonna/ Gnéithe an imshaoil nádúrtha agus daoine Léarscáileanna, cruinneoga agus scileanna grafacha/stracléarscáileanna simplí a dhéanamh (m.sh. áit a bhfuil teach solas suite) **Amharc ealaíona** Tógáil/ Struchtúir a dhéanamh/ líníochtaí bunaithe ar bhreathnóireacht a dhéanamh chun struchtúr agus foirm a anailísiú Tógáil/ Breathnú agus freagairt/ cnuasaigh nó grianghraif de struchtúir nádúrtha agus de struchtúir thógtha a bhreathnú. **Teanga: Gaeilge/Béarla** Béaloideas, scéalta faoin bhfarraige agus tithe solais
CÚLRA	Ba chóir go mbeadh roinnt oibre déanta roimh ré ag na páistí ar leictreachas agus ar an mbealach le ciorcaid a dhéanamh, ionas go dtuigfidh siad na bunphrionsabail a bhaineann le ciorcad (foinse ag teastáil, sreanga a sheolann leictreachas agus cad is ciorcad slán ann).
ÁBHAIR/ FEARAS	Píobán páipéir (ó bhrioscáin phrátaí nó ó pháipéar cistine), cró bolgán, bolgán 3.5V (ceann lonrach nó gnáthcheann), cadhnra (3V nó 4.5V) sreangáin, próca beag plaisteach nó gloine, páipéar daite, téip ghreamaitheach, gliú. Don lasc: Cairtchlár, 2 smeachdhúntóir páipéir, 1 fáiscín páipéir.
ULLMHÚCHÁN	Bailigh na hábhair agus an fearas
CÚLRA EOLAÍOCHTA	Ní lasann an bolgán go mbíonn cosán iomlán ag an leictreachas (i.e. ciorcad slán).

Teach solais a dhéanamh

Gníomhaíocht

AN COMHTHÉACS A BHUNÚ	Cuir tús le babhta tobsmaointeoireachta faoin dóigh chun do bhealach a dhéanamh timpeall áite m.sh. ainmneacha sráide, léarscáileanna, compás. Déan plé faoi thaisteal ar thalamh agus ar mhuir (agus b'fhéidir san aer, más mian leo). Déan trácht ar theach solais. Breathnaigh ar phictiúr. Tabhair cuairt ar theach solais más féidir. Cén gá atá le tithe solais? Tá minicíocht éagsúla ag gach lampa gealánach. Léiríonn an mhinicíocht cén teach solais atá i gceist (m.sh. tá minicíocht amháin ag Dún Laoghaire agus minicíocht eile ag An Seancheann i gCionn tSáile).
SPRIOC-CHEISTEANNA	Conas a théann tú slán agus tú ag taisteal? Cad faoi thaisteal ar mhuir? Conas a bhíonn fhios ag mairnéalaigh má tá carraigeacha contúirteacha ag gobadh aníos? An bhfuil cur amach agaibh ar theach solais ar bith? Cá bhfuil siad? An bhfuil an cumadh céanna ar gach teach solais? An mbíonn an lóchrann ag lonradh an t-am ar fad? Conas a bhíonn fhios agat ó theach solais cén áit ina bhfuil tú (chomh maith leis an mbagairt baoil a thugann sé)? Conas a d'oibríodh na tithe solais fadó? An bhfuil scéal agaibh faoi thithe solais? Tarraing léaráid de theach solais.
DEVELOPMENT OF ACTIVITY	Conas a dhéanfá teach solas? Cad iad na bunábhair a bheadh ag teastáil? Conas a d'fhéadfá teach solas a dhearadh?
SÁBHÁILTEACHT	**Bí aireach leis na sreanga agus na cadhnraí**
GNÍOMHAÍOCHT	Tabhair seans do na páistí a gcuid tithe solais féin a dhearadh is a dhéanamh. Seo roinnt treoracha má bíonn deacrachtaí acu: Greamaigh an páipéar dubh agus bán (nó daite) don chairtchláir. Déan ciorcad ag baint úsáide as an mbolgán, cró na mbolgáin, cadhnra. Bíodh an bolgán ar bharr na tiúibe agus an cadhnra ag a bun. Cuir an próca thar an mbolgáin.

Athbhreithniú

ATHBHREITHNIÚ	Mura dtiocfaidh solas ar do theach solais cad ba chóir duit a sheiceáil? (CIORCAD BRISTE, GEARRCHIORCAD, CADHNRA MARBH, BOLGÁN BRISTE NÓ DÓITE) Conas a d'fhéadfá feabhas a chur ar an teach solais? Cad a thaithigh leat /nár thaithigh leat sa ghníomhaíocht seo?
MEASÚNÚ	D'fhéadfadh na páistí léaráid den chiorcad agus den teach solais a dhéanamh. D'fhéadfaí úsáid a bhaint as an macasamhail atá déanta. D'fhéadfaí nótaí a chur leis agus é a chur ar thaispeáint. D'fhéadfaí an mhacasamhail a mhíniú do na páistí eile. D'fhéadfaí cuireadh a thabhairt do ranganna eile breathnú ar an teach solais agus ceisteanna na gcuairteoirí a fhreagairt.
LEATHNÚ	(1) Is féidir lasc a chur sa chiorcad mar seo: Cuir dhá fháiscín phráis trí phíosa cairtchlár agus ceangail iad le gnáth fháiscín ionas gur féidir leis an ngnáth fháiscín casadh ar sclóin. Ceangail na sreanga ón gciorcad leis na fáiscíní práis ag cúl an chairtchláir. (2) Má déantar "carraigeacha" as páipéar bhruite beidh cumadh níos fearr ar an macasamhail agus is comhtháthú leis na hamharcealaíona a bheidh ansin. (3) Déan taighde ar theach solais sa chomharsanacht. (4) Tráth na gCeist faoi ar thithe solais, m.sh. cén contae ina bhfuil Rinn Duáin (5) Déan macasamhail ina bhfuil lasc íogaireach. Nuair a sheolann "bád" thar áit faoi leith san "uisce" lasfaidh an solas. Tá breis eolais le fáil ó Choimisinéirí na Soilse ar an suíomh idirlín: **http://www.cil.ie/sh675y.html** **Ceistigh na páistí faoi:** Cad eile a d'fhéadfaidís a fháil amach? Conas d'fhéadfaidís iniúchadh a dhéanamh? Thabharfadh sé seo spreagadh dóibh a gcuid scrúdaithe féin a chruthú.